C/2024/2479

23.4.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Gearradh cánach ar theilea-oibrithe trasteorann ar fud an domhain agus a thionchar sin ar an Aontas

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/2479)

Rapóirtéir: **Krister ANDERSSON**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	2.2.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.2.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	585
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	202/2/4

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Le deich mbliana anuas, tá deiseanna cianoibre nua curtha ar fáil leis an domhandú agus leis an digiteáil. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, tháinig athrú as an ngnáth ar shaol na n-oibrithe agus na ngnólachtaí araon, rud a d'fhág gur tháinig méadú as cuimse ar an teilea-obair.

1.2. A bhuí leis an teicneolaíocht nua, is féidir an obair cheannann chéanna a dhéanamh gan a bheith i láthair go fisiciúil san ionad oibre. Ciallaíonn sé sin freisin go bhfuil i bhfad níos mó daoine in ann a bheith ag obair go cianda thar theorainneacha agus go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na dteilea-oibrithe trasteorann.

1.3. Leis na rialacha atá ann faoi láthair, tugtar aghaidh ar chánachas corparáide agus ar chánachas fostaíochta araon. Le fiche nó tríocha bliain anuas tá an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ag iarraidh prionsabail chánach idirnáisiúnta a bhfuil glacadh coitianta leo a bhunú i Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal. Chuir na Ballstáit na rialacha agus na comhaontuithe sin i bhfeidhm san Aontas ina dhiaidh sin agus is iad a bhí mar bhonn leis na rialacha i Samhailchoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cánachas Dúbailte.

1.4. Le linn na paindéime, d'eisigh Rúnaíocht ECFE treoirlínte inar sonraíodh gur cheart d'oibrí trasteorann nach bhfuil in ann taisteal go tír an fhostóra a bheith inchánach i dtír an fhostóra, cé go ndearnadh an obair go cianda. Is minic a bhíonn líon na laethanta a cheadaítear don chianobair sin teoranta do thart ar 20 lá in aghaidh na bliana. Sa tuairim *Cánachas ar theilea-oibrithe trasteorann agus ar a bhfostóirí* ([1]), mhol Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) gur cheart cur le líon na laethanta go dhá lá sa tseachtain, nó 96 lá in aghaidh na bliana, sula mbeadh iarmhairtí cánach i gceist.

1.5. I mbeagán focal, de réir na rialacha reatha, is é an prionsabal atá comhaontaithe maidir le cearta cánachais go bhfuil an ceart ag an tír ina ndéantar an obair cáin a ghearradh ar an ioncam fostaíochta. Más rud é, agus úsáid á baint as modhanna leictreonacha, gur féidir an obair a dhéanamh go cianda anois, réiteach amháin a d'fhéadfadh a bheith air sin ná go mbeadh an ceart chun cánachais ag tír chónaithe an fhostóra, mar phrionsabal. Níor cheart, de thoradh cóireáil idirdhealaitheach cánach áfach, go mbeadh teilea-oibrí faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le hoibrithe trasteorann a dhéanann a gcuid oibre i dtír an fhostóra.

([1]) IO C 443, 22.11.2022, lch 15.

1.6. Féidearthacht eile is ea cáin a ghearradh ar an bhfostaí ina thír chónaithe nó ina tír chónaithe ar an gcaoi chéanna a ngearrtar cáin ar dhaoine féinfhostaithe. Mar sin féin, tá argóint eile i gcoinne córas den sórt sin, is é sin gur cheart an ceart chun cáin a ghearradh ar ioncam fostaithe a bheith i dtír an fhostóra i gcónaí ós rud é go ndéantar an obair don fhostóir sa tír sin. Tar éis an tsaoil, tá na costais phá in-asbhainte maidir le ríomh na cánach corparáide atá dlite i dtír B ([2]).

1.7. Dá bhrí sin, creideann CESE gurb é rogha na tosaíochta cáin a ghearradh ar ioncam fostaithe mar ioncam pá i dtír chónaithe an fhostóra. D'fhágfadh córas den sórt sin go mbeadh rudaí níos simplí don fhostaí agus d'fhéadfadh a leithéid a bheith tarraingteach don fhostóir freisin. D'fhonn caillteanas ioncaim i dtír chónaithe an fhostaí a chúiteamh, dealraíonn sé go mbeadh gá le sásra comhroinnte ioncaim.

1.8. Molann CESE go bhféadfadh na húdaráis ioncaim an t-ioncam a roinnt idir na tíortha trí shonraí a úsáid maidir lena mhinice a bhíonn na daoine aonair i láthair sna stáit lena mbaineann (arna thuairisciú ag an bhfostóir don údarás cánach i dtír chónaithe an fhostóra, agus an t-údarás ag feidhmiú, ar an gcaoi sin, mar ionad ilfhreastail) nó trí úsáid a bhaint as scála éigin de chomhiomláin mhaicreacnamaíocha.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Le deich mbliana anuas, tá deiseanna cianoibre nua curtha ar fáil leis an domhandú agus leis an digiteáil. De dheasca phaindéim COVID-19, tháinig athrú as an ngnáth ar shaol na n-oibrithe agus na ngnólachtaí araon, rud a d'fhág gur tháinig méadú as cuimse ar an teilea-obair.

2.2. Le linn na paindéime, rinne gnólachtaí agus fostaithe iarrachtaí móra chun a ngníomhaíochtaí laethúla a dhigiteáil (e.g. uirlisí cruinnithe ar líne), rud a chuir dlús leis an bpróiseas digiteála a bhí ar siúl cheana féin agus as a dtiocfaidh tírdhreach nua fostaíochta. Thug an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí araon faoi na hathruithe a tugadh faoi deara ([3]).

2.3. A bhuí leis an teicneolaíocht nua, is féidir an obair cheannann chéanna a dhéanamh gan a bheith i láthair go fisiciúil san ionad oibre. Ciallaíonn sé sin freisin go bhfuil i bhfad níos mó daoine in ann a bheith ag obair go cianda thar theorainneacha agus go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na dteilea-oibrithe trasteorann. Tugtar le fios sna meastacháin reatha ar theilea-obair go bhfuil teilea-obair de chineál éigin ar siúl anois ag thart ar 22 % de lucht saothair an Aontais ([4]).

2.4. Go deimhin, tá sé cruthaithe go bhfuil an chianobair éifeachtúil d'oibrithe agus d'fhostóirí araon ([5]). Dá bhrí sin, is cuid den ghnáthshaol anois é d'fhostaithe deis a bheith acu obair lasmuigh den oifig ar feadh roinnt laethanta sa tseachtain, nó fiú ar bhonn buan, agus tá méadú ag teacht ar na deiseanna sin i gcónaí.

2.5. I gceann cúpla bliain, d'fhéadfadh na céadta milliún duine ar fud an domhain a bheith ag obair go cianda agus go ndéanfar seo ar bhonn trasteorann óna dtíortha dúchais, nó fiú ó thríú tíortha éagsúla (daoine ar a dtugtar 'Fánaithe Digiteacha').

([2]) De réir na rialacha reatha, tá táillí comhairliúcháin do dhuine féinfhostaithe in-asbhainte freisin nuair atá brabúis chorparáideacha incháinithe á ríomh i dtír B cé gur ioncam incháinithe i dtír A í an táille chomhairliúcháin.

([3]) Staidéar de chuid eurofound, *The Rise in Telework: Impact on Working conditions and regulations* [Méadú ar an Teilea-obair: an tionchar ar dhálaí oibre agus ar rialacháin], lch. 55. Le linn na paindéime, tháinig méadú suntasach ar chomhaontuithe earnála maidir leis an teilea-obair sna seirbhísí poiblí agus sa riarachán poiblí, in earnáil an oideachais agus in earnáil na sláinte agus na hoibre sóisialta. Áirítear i bhformhór na gcomhaontuithe earnála forálacha maidir leis an nós imeachta foirmiúil chun teilea-obair a thabhairt isteach, chomh maith le forálacha maidir le rochtain ar theilea-obair.

([4]) Staidéar de chuid eurofound, *The Rise in Telework: Impact on Working conditions and regulations* [Méadú ar an Teilea-obair: an tionchar ar dhálaí oibre agus ar rialacháin], lch. 55. In 2008, níos lú ná 8 % de na fostaithe a thug le fios go mbídís ag obair ón mbaile 'uaireanta' nó 'de ghnáth'. Tháinig méadú de réir a chéile ar an sciar sin thar na blianta, agus shroich sé 11 % in 2019, díreach roimh an ngéarchéim. Tar éis thús na paindéime, mhéadaigh minicíocht na teilea-oibre go tobann go 19 % in 2020 agus tháinig ardú eile fós air go 22 % in 2021. I measc fostaithe a bhíodh ag obair ón mbaile 'de ghnáth' a taifeadadh an méadú den chuid is mó.

([5]) Staidéar de chuid eurofound, *The Rise in Telework: Impact on Working conditions and regulations* [Méadú ar an Teilea-obair: an tionchar ar dhálaí oibre agus ar rialacháin], lch. 2. Is fearr le fostaithe, agus le fostóirí go pointe áirithe, an tsamhail hibrideach teilea-oibre (teilea-obair pháirteach nó teilea-obair pháirtaimseartha). Tá sé cruthaithe go mbíonn dea-thorthaí ag an obair hibrideach, ina measc go laghdaítear ar an am comaitéireachta, go dtagann feabhas ar an gcothromaíocht oibre is saoil, go dtagann laghdú ar mhothúcháin na leithlise, agus go ndéantar bainistiú éifeachtach ama a áirithiú.

2.6. Ní hamháin gur cuireadh feabhas ar cháilíocht saoil agus ar chothromaíocht oibre is saoil na milliún oibrí trí obair chianda a éascú ([6]), ach d'fhéadfadh sé rannchuidiú freisin leis an tionchar atá ag na milliúin comaitéirí ar an gcomhshaol a laghdú, i gcomhréir le cuspóirí an Aontais. Is dócha, dá bhrí sin, go leanfar leis an treocht sin agus go dtiocfaidh tuilleadh forbartha uirthi amach anseo.

2.7. Mar atá léirithe thuas, tá cuid mhaith gnéithe dearfacha ann a bhaineann leis an gcianobair. Mar sin féin, beidh dúshláin mhóra chánach i gceist leis an treocht sin ina bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine atá ag obair go cianda. Ní mór na rialacha cánach a thabhairt cothrom le dáta ionas go léireoidh siad an chaoi a ndéantar obair sa timpeallacht oibre atá ann faoi láthair agus an chaoi ar dócha go ndéanfar é amach anseo. Agus suíomh duine aonair roghnaithe aige nó aici, tá sé tábhachtach a thuiscint go dtugann sin, freisin, an ceart chun tairbhe a bhaint as seirbhísí poiblí ar le cánacha den chuid is mó a n-íoctar astu. Is prionsabal seanbhunaithe é an cánachas agus an ionadaíocht sa cheapadh beartas agus ba cheart an prionsabal sin a urramú.

2.8. Is dócha go mbeidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhaontuithe déthaobhacha chomh maith le comhaontuithe ilnáisiúnta le haghaidh a thabhairt ar shaincheist an chánachais maidir leis an teilea-obair thrasteorann. Tugadh comhaontú amháin den chineál sin cothrom le dáta le déanaí idir an Eilvéis agus an Fhrainc, ceann d'oibrithe teorann chantún na Ginéive (an Eilvéis) atá ina gcónaí sa Fhrainc. Faoin gcomhaontú sin, ní bheidh tionchar ag an teilea-obair thrasteorann nach mó ná 40 % den am oibre iomlán í ar staid chánach na n-oibrithe. Beidh oibrithe trasteorann a bhfuil cónaí orthu sa Fhrainc agus atá ag obair sa Ghinéiv fós faoi réir cánacha pá (cáin shiarchoinneálach) sa Ghinéiv. Chun an caillteanas ioncaim sa Fhrainc a chúiteamh, áirítear sásra comhroinnte ioncaim sa chomhaontú, faoina n-íocfaidh an Ghinéiv 3,5 % den ioncam cánach leis an bhFrainc mar chúiteamh.

2.9. Le linn éisteacht phoiblí a d'eagraigh CESE i dTaillinn an 4 Iúil 2023, éisteacht dar teideal 'Gearradh cánach ar theilea-oibrithe trasteorann – réitigh fhéideartha', cuireadh i láthair comhaontú iltaobhach atá á phlé faoi láthair sa Chomhairle Nordach. Leagtar amach sa chomhaontú sin an chaoi a gcomhdaíonn an príomhfhostóir foirm shiarchoinneála Nordach amháin do chónaitheoir Nordach atá ag obair i dtrí thír Nordacha agus déantar cur síos ar shásra comhroinnte ioncaim a úsáideann na tíortha Nordacha ([7]).

2.10. Ar ndóigh, beidh sé tairbheach réitigh thírshonracha a aimsiú lena gceadófar teilea-obair thrasteorann, ach bheadh sé inmhianaithe comhaontuithe a bheith ann a bheadh bunaithe ar phrionsabail a bhfuil glacadh ginearálta leo. Murach sin, is dócha go dtiocfaidh sraith chasta rialacha agus feidhmeanna idirnáisiúnta chun cinn, rud a fhágfaidh go mbeidh ilroinnt ann.

2.11. Le fiche nó tríocha bliain anuas tá an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) ag iarraidh prionsabail chánach idirnáisiúnta a bhfuil glacadh coitianta leo a bhunú i Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal. Chuir na Ballstáit na rialacha agus na comhaontuithe sin i bhfeidhm san Aontas ina dhiaidh sin agus is iad a bhí mar bhonn leis na rialacha i Samhailchoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Cánachas Dúbailte.

2.12. Leis na rialacha atá ann faoi láthair, tugtar aghaidh ar chánachas corparáide agus ar chánachas fostaíochta araon. Maidir le cáin ar bhrabús cuideachta, bheadh baol ann go bhféadfadh teilea-oibrithe idirnáisiúnta buanbhunaíocht a chruthú trí thaisme don chuideachta i dtír seachas tír na cuideachta féin. Dá ndéanfaí buanbhunaíocht a bhunú i dtír eile, chuirfí iallach ar chuideachta, anuas ar an bplé maidir le cáin a ghearradh ar ioncam fostaíochta a bhaineann le teilea-obair trasteorann, a hioncam corparáide a roinnt go beacht idir an dá láthair, agus dá réir sin, bheadh sí faoi réir oibleagáidí difriúla maidir le hoibleagáidí comhdaithe agus dliteanais chánach.

2.13. Maidir le cáin a ghearradh ar an bhfostaí, tugtar aghaidh in Airteagal 15 de *Shamhailchoinbhinsiúin ECFE agus na Náisiún Aontaithe* ([8]) ar cibé acu sa tír ina ndéantar an obair nó i stát conarthach eile a bheidh tuarastail, pá nó cineálacha eile luacha saothair inchánach. Mar sin féin, má tá an fostaí i láthair i stát eile ar feadh níos lú ná 183 lá i dtréimhse dhá mhí dhéag, agus mura bhfuil buanbhunaíocht ag an bhfostóir sa stát ina ndéantar an obair, beidh sé de cheart go fóill ag tír an fhostóra cáin a ghearradh ar ioncam an fhostaí. Cé is moite de na fostaithe, tá rialacha speisialta sna Samhailchoinbhinsiúin freisin maidir le stiúrthóirí, siamsóirí, lucht spóirt agus mic léinn ([9]).

([6]) Staidéar de chuid eurofound, *The Rise in Telework: Impact on Working conditions and regulations* [Méadú ar an Teilea-obair: an tionchar ar dhálaí oibre agus ar rialacháin], lch. 55.

([7]) Éisteacht phoiblí CESE maidir le Gearradh cánach ar theilea-oibrithe trasteorann – réitigh fhéideartha.

([8]) ECFE, *Airteagail an tsamhailchoinbhinsiúin maidir le cánacha ar ioncam agus ar chaipiteal* agus *Na nótaí a ghabhann le hAirteagail an tsamhailchoinbhinsiúin cánach*.

([9]) ECFE, *Airteagail an tsamhailchoinbhinsiúin maidir le cánacha ar ioncam agus ar chaipiteal*, airteagail 16, 17 agus 20.

2.14. Nuair atá an ceart ag stát conarthach cáin a ghearradh ar luach saothair an fhostaí, is minic a fhorchuirtear oibleagáidí ar an bhfostóir cánacha/táillí pá/párolla a choinneáil siar.

2.15. Le linn na paindéime, d'eisigh Rúnaíocht ECFE treoirlínte inar sonraíodh gur cheart d'oibrí trasteorann nach bhfuil in ann taisteal go tír an fhostóra a bheith inchánach i dtír an fhostóra, cé go ndearnadh an obair go cianda. Is minic a bhíonn líon na laethanta a cheadaítear don chianobair sin teoranta do thart ar 20 lá in aghaidh na bliana. Sa tuairim *Cánachas ar theilea-oibrithe trasteorann agus ar a bhfostóirí* ([10]) ó mhí Iúil 2022, mhol CESE gur cheart cur le líon na laethanta go dhá lá sa tseachtain, nó 96 lá in aghaidh na bliana, sula mbeadh iarmhairtí cánach i gceist.

2.16. Cuireadh in iúl sa tuairim sin freisin an baol a bhí ann go ngearrfaí cáin dhúbailte ar fhostaithe atá ag teilea-obair thar theorainneacha, rud a spreag an Coimisiún a mhachnamh a dhéanamh faoina bhféadfaí 'ionad ilfhreastail', cosúil leis an gceann a cuireadh ar bun i réimse CBL, a bhunú. Is é is aidhm don tuairim seo cur chuige CESE i leith an ábhair atá idir lámha a bheachtú, trí ionchur breise a chur ar fáil don díospóireacht atá ar siúl faoi láthair.

2.17. Baineann an chaoi a gcaitear le ranníocaíochtaí slándála sóisialta leis an teilea-obair thrasteorann freisin. Cé go bhféadfadh na ranníocaíochtaí sin a bheith nasctha leis an ioncam, ní dhéileáiltear leis an tslándáil shóisialta sa tuairim seo ná ní thugtar aghaidh ar rialacháin maidir le margadh an tsaothair ach oiread.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. I mbeagán focal, de réir na rialacha reatha, is é an prionsabal atá comhaontaithe maidir le cearta cánachais go bhfuil an ceart ag an tír ina ndéantar an obair cáin a ghearradh ar an ioncam fostaíochta. Más rud é, agus úsáid á baint as modhanna leictreonacha, gur féidir an obair a dhéanamh go cianda anois, réiteach amháin a d'fhéadfadh a bheith ann ná go mbeadh an ceart chun cánachais ag tír chónaithe an fhostóra, mar phrionsabal. Níor cheart, de thoradh cóireáil idirdhealaitheach cánach, go mbeadh teilea-oibrí faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le hoibrithe trasteorann.

3.2. Féachaimis ar shampla simplí: abair go ndéanann duine an turas chun na hoibre cúig lá sa tseachtain ó thír A go dtí oifig agus áitreabh an fhostóra i dtír B. De réir na rialacha atá ann faoi láthair, gearrtar cáin ar an ioncam pá i dtír B. Más rud é, áfach, nach ndéanann an duine an turas sin a thuilleadh ach go n-oibríonn sé nó sí ón mbaile i dtír A, beidh an t-ioncam sin inchánach i dtír A. Níl aon athrú, áfach, ar an obair a dhéantar don fhostóir i dtír B ach go n-aistríonn an ceart chun cáin a ghearradh ar an ioncam sin ó thír B go tír A. Forbairtí teicneolaíochta agus cineál athraitheach an mhargaidh saothair amháin is cúis leis sin.

3.3. Mar sin féin, más rud é gur i gcáil comhairleoir féinfhostaithe a dhéantar an obair don fhostóir agus go bhfuil cónaí ar an gcomhairleoir i dtír A agus go gcomhlíonann sé nó sí na dualgais go cianda, ní thiocfadh aon athrú ar an áit a ngearrtar cáin i gcomparáid leis an am i láthair. Tá sé de cheart ag tír A, áit a bhfuil gnólacht an chomhairleora cláraithe, cánacha a ghearradh. Dá bhrí sin, tá comhghaol dlúth idir an t-ioncam a thuilltear, cánacha agus úsáid seirbhísí poiblí. Féidearthacht amháin a bheadh ann caitheamh le fostaithe chun críoch cánachais ar an mbonn céanna a chaitear le daoine féinfhostaithe, is é sin na cánacha a ghearradh i dtír A.

3.4. Mar sin féin, argóint i gcoinne cáin a ghearradh ar fhostaithe ar an mbealach céanna le duine féinfhostaithe is ea gur cheart an ceart chun cáin a ghearradh ar ioncam fostaithe a bheith i dtír B i gcónaí ós rud é go ndéantar an obair don fhostóir i dtír B go fóill, i.e. tír an fhostóra. Tar éis an tsaoil, tá na costais phá in-asbhainte maidir le ríomh na cánach corparáide atá dlite i dtír B ([11]). Bheadh roinnt iarmhairtí mar thoradh ar athrú dá leithéid ar na cearta cánachais mar atá siad faoi láthair.

3.5. Tá ceist thábhachtach amháin ann, áfach, nach mór aghaidh a thabhairt uirthi más i dtír B i gcónaí a ghearrfaí an cháin. Faoin gcóras sin, gan comhroinnt ioncaim de chineál éigin a bheith ann, ní bhfaigheadh tír A ioncam cánach ar bith ó phá an fhostaí chun na seirbhísí poiblí a mbaineann an duine sin tairbhe astu a mhaoiniú. Bhraithfeadh aon chaillteanas ioncaim cánach a bheadh ann do thír ar leith ar ghlanlíon iomlán na n-oibrithe trasteorann. Sa mhéid gurb ionann líon na dteilea-oibrithe trasteorann agus a mbille pá, bheadh an glanioncam céanna á fháil ag tír A agus tír B beag beann ar an tír ina bhfuil an t-ioncam sin inchánach. D'fhéadfadh sé nach amhlaidh a bheadh, áfach, dá mba rud é gur tíortha ar mhéideanna éagsúla a bheadh i gceist agus éagsúlacht eatarthu ó thaobh mealltachta de d'fhostóirí agus d'fhostaithe. Beidh na cúinsí gnó agus leibhéal na dtuarastal a íoctar ina ngnéithe tábhachtacha, mar is gnách, maidir leis an ioncam cánach.

([10]) IO C 443, 22.11.2022, lch 15.

([11]) De réir na rialacha reatha, tá táillí comhairliúcháin do dhuine féinfhostaithe in-asbhainte freisin nuair atá brabúis chorparáideacha incháinithe á ríomh i dtír B cé gur ioncam incháinithe i dtír A í an táille chomhairliúcháin.

3.6. I gcás an fhostaí, d'fhéadfadh an t-ualach cánach a bheith difriúil ag brath ar an tír ina ngearrtar cáin ar an bpá. Más beag idir rátaí cánach an dá thír, is dócha gur beag an difear a bheadh ann. Mar sin féin, i bhfianaise rialacha cánach tírshonracha, d'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar an gceart costais a asbhaint ón mbille cánach, i gcás costais mhorgáiste cuir i gcás. D'fhéadfadh sé gur ghá ioncam inchánach a bheith ag duine chun go mbeadh an duine sin incháilithe le haghaidh asbhaintí ([12]).

3.7. I saol domhandaithe agus digitithe an lae inniu, is féidir le hoibrithe tír chónaithe a roghnú gan beann ar an áit ina bhfuil an fostóir lonnaithe. Bíonn deacrachtaí ag na húdaráis chánach an tír chónaithe a chinneadh mar gheall ar an tsolúbthacht sin ([13]). Is dócha gur furasta a chinnfear an áit ina bhfuil an chuideachta dá ndéantar an obair seachas an áit ina bhfuil an t-oibrí aonair lonnaithe ([14]).

3.8. Úsáidtear ardáin go minic chun custaiméirí a fháil. Is minic nach gcomhlíonann an t-ardán feidhm an fhostóra agus, dá bhrí sin, cinntear an tír inar cheart ioncam a bheith inchánach de réir shuíomh an duine a dhéanann an obair, beag beann ar an áit ina bhfuil an t-ardán cláraithe. Ba cheart idirdhealú cuí a dhéanamh idir ardáin agus fánaithe digiteacha. Is féidir le fánaithe digiteacha a bheith ag obair ó chuid mhaith tíortha i rith na bliana. D'fhéadfadh víosaí speisialta arna n-eisiúint ag tíortha nó cóireáil cánach thairbheach spriocdhírithe eile iad a mhealladh, rud a chruthaíonn iomaíocht cánach idir tíortha.

3.9. Is féidir le tíortha cinneadh a dhéanamh ioncam cánach a roinnt. Ina leithéid de chás, bíonn comhthuiscint ann gur sa tír chónaithe a sholáthraítear seirbhísí amhail scoileanna poiblí, cúram sláinte, etc. Is féidir sásra comhroinnte ioncaim a chruthú ar bhealaí éagsúla. Is féidir leis na húdaráis ioncaim an t-ioncam a roinnt idir na tíortha trí shonraí a úsáid maidir lena mhinice a bhíonn na daoine aonair i láthair sna stáit lena mbaineann (arna thuairisciú ag an bhfostóir don údarás cánach i dtír chónaithe an fhostóra, agus an t-údarás ag feidhmiú, ar an gcaoi sin, mar ionad ilfhreastail) nó trí úsáid a bhaint as scála éigin de chomhiomláin mhaicreacnamaíocha.

3.10. Leanfaidh tíortha ar aghaidh ag gabháil don iomaíocht chánach. Cuirfidh fánaithe digiteacha an córas cánach san áireamh agus rogha á déanamh acu faoina n-áit chónaithe agus oibre. Ós rud é go laghdaítear go mór na bacainní ar fhostaíocht shochrach a aimsiú nuair is lú an gá atá le teaghlach a athlonnú go fisiciúil, is éard is dóichí go dtiocfaidh méadú ar thábhacht an chánachais saothair.

3.11. Go dtí seo, bhí an díospóireacht sna fóraim idirnáisiúnta dírithe go mór ar shuíomh corparáidí agus an chaoi a ngearrtar cáin orthu, cé nach mbíonn in ioncam ó cháin chorparáide ach cúpla pointe céatadáin de OTI de ghnáth. Is minic a bhíonn an t-ioncam cánach ó ioncam saothair, lena n-áirítear cánacha indíreacha amhail CBL, thart ar 20 uair níos airde ná an t-ioncam ó cháin chorparáide. Mar thoradh ar chánacha arda corparáide, laghdaítear infheistíochtaí corparáideacha, ní bhunaítear an oiread céanna suíomhanna nua gnó agus, dá bhrí sin, tagann laghdú ar an ioncam cánach ó ioncam saothair. Mar sin féin, is suntasaí i bhfad an tionchar a bheidh ag an margadh saothair atá ag athrú (leis na féidearthachtaí cianoibre) sna blianta amach romhainn.

3.12. A bhuí leis an teicneolaíocht nua, cuirtear ar chumas oibrithe ardoilte i dtíortha i mbéal forbartha (agus i dtíortha forbartha) a n-áit chónaithe a choinneáil agus iad ag obair ag an am céanna do ghnólacht nó d'eagraíocht idirnáisiúnta i dtír níos forbartha. Ansin íocfaidh an duine sin cánacha tomhaltais agus cáin mhaoine sa tír i mbéal forbartha. D'fhéadfadh méadú teacht ar an gcáin ar ioncam saothair má chaitear le fostaithe mar dhaoine féinfhostaithe chun críoch cánach. Má bhailítear cánacha i dtír an fhostóra, d'fhágfadh sin nach dtiocfadh aon athrú ar an ioncam ós rud é gurb é an t-aon difear a bheadh ann ná láithreacht fhisiciúil an fhostaí. Cé go raibh gá bogadh go fisiciúil san am atá caite chun ioncam a fháil, ní hamhlaidh atá a thuilleadh. Má thugtar isteach comhroinnt ioncaim freisin, is éard is dóichí go mbeadh an tír chónaithe ina glanfhaighteoir ó thaobh ioncam cánach de.

3.13. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé réasúnta éasca caitheamh le hioncam fostaithe mar a chaitear le hioncam daoine féinfhostaithe ([15]), ach is é rogha na tosaíochta cáin a ghearradh ar ioncam fostaithe amhail is gur ioncam pá é i dtír chónaithe an fhostóra. D'fhágfadh córas den sórt sin go mbeadh rudaí níos simplí don fhostaí agus d'fhéadfadh a leithéid a bheith tarraingteach don fhostóir freisin. D'fhonn caillteanas ioncaim i dtír chónaithe an fhostaí a chúiteamh, dealraíonn sé go mbeadh gá le sásra comhroinnte ioncaim.

([12]) D'fhéadfaí creidmheas cánach caighdeánaithe a chur i bhfeidhm fós.

([13]) Is cás comhchosúil an cás sin le hathlonnú sócmhainní doláimhsithe san earnáil chorparáideach, rud a spreag cuid mhaith den obair ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis. Tá an comhaontú maidir le Méid A i gColún 1 den Chreat Cuimsitheach agus ECFE, agus comhroinnt brabúis san áireamh, curtha i láthair.

([14]) Argóint ar son cáin chorparáide a bheith ann seachas cáin a ghearradh ar scairshealbhóirí agus ar oibrithe ba ea go raibh sé níos éasca súil a choinneáil ar chuideachtaí agus cánacha a bhailiú ar an leibhéal sin.

([15]) Is dócha go gcaithfí athrú a dhéanamh ar na ceanglais nach mór a chomhlíonadh chun aitheantas a thabhairt do ghnólachtaí (amhail gnóthú brabúis, marthanacht agus níos mó ná custaiméir amháin a bheith acu, etc.).

3.14. Tá roinnt bealaí éagsúla ina bhféadfaí córas a dhearadh chun cáin a ghearradh ar luach saothair fostaithe i dtír chónaithe an fhostóra. Bealach amháin ina bhféadfaí sin a dhéanamh ná foráil/forálacha maidir le samhlacha malartacha a thabhairt isteach sna nótaí a ghabhann le Samhailchoinbhinsiún ECFE, rud a bheadh le húsáid ag tíortha atá i mbun caibidlíocht dhéthaobhach. D'fhágfadh sin go n-éascófaí sraith rialacha níos aonfhoirmí a thabhairt isteach.

An Bhruiséil, an 14 Feabhra 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE